

Bainisteoir -Post Lánaimseartha

Is Comharchumann Forbartha Pobail é **Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**, atá ar an fhód le 33 bliain. Feidhmíonn muid clárleathangníomhaíochtaí forbartha pobail, cultúrtha, oideachasúil agus teangalárnacharbhunús bliantúil.

Tá folúntas faoi láthair do dhuine oiriúnach le feidhmiú mar **Bhainisteoir** -le dhul i mbun oibre go luath i 2022.

Beidh an méid a leanas mar chuid de phríomh dhualgais an té a cheapfar :

- Freagracht a ghlacadh as clár oibre agus pleananna forbartha an Chomharchumainn.
- Freagracht a ghlacadh as gach gné de smachtú airgeadais agus riarachán,
- Bainistiú a dhéanamh ar fhoireann, foirgnimh agus tograí an Chomharchumainn.
- Comhoibriú agus ceangal le grúpaí pobail, eagrais reachtúil agus eagrais stáit.
- Pleanáil, forbairt agus comhoiriúnú a dhéanamh ar chlár bhliantúil imeachtaí sóisialta, oideachais, teanga, cultúrtha agus caitheamh aimsire.
- Iarratais ar mhaoiniú a ullmhú agus a phróiseáil
- Tuairisc rialta a thabhairt don choiste stiúrtha.

Taithí / Scileanna Riachtanacha:

- Ard scileanna cumarsáide Gaeilge idir labhartha agus scríofa. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an té a cheapfar agus a bheith in ann a c(h)uid oibre a dhéanamh go hiomlán trí Ghaeilge.
- Taithí i mbainistíocht agus eagrú tograí agus imeachtaí
- Foighneach agus maith ag obair le daoine.
- Ábalta oibriú as a stuaim féin
- Táithí ag plé le heagrais agus i gcúrsaí forbartha Pobail
- Ceadúnas tiomána reatha agus modh iompair.

Taithí /Cáilíochtaí breise inmhianach:

- Cáilíochtábhartha 3 Leibhéal msh. Forbairt Pobail, Staidéar Gnó le Gaeilge
- Taithí bainistíochta foirne
- Scileanna cuntasáíochta
- Scileanna Bainistiú Tograí
- Taithí ag plé le buiséid
- Taithí ag plé le heagrais stáit –msh Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta, Comhairlí contae srl.

Beidh tuarastal agus coinníollacha tarraingteach ag dul leisan phost seo, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Beidh deiseanna forbartha ann don té a cheapfar .

Faigheann Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair tacaíocht reatha ó Údarás na Gaeltachta.

Is fostóir comhionannais é Comharchumann Forbarth Ghaoth Dobhair

Seoliarratais le CV roimh 5.00in, DéhAoine 10 Nollaig

chug: An Cathaoirleach

Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair,

An Chrannóg

Na Doirí Beaga.

Nóarrphostchug cfgd@crannog.ie

Beidh agallaimh go luath i mí Eanáir